Teicneolaíocht nua in aerfoirt na tíre

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi theicneolaíocht nua atá á triail in aerfoirt na tíre. Cén Ghaeilge atá ar na focail agus na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *trials and tests*
- *air traffic controller*
- *take off and land*
- *the future*
- *Irish Aviation Authority*
- *effective cost*
- *on a full-time basis*
- *with regard to safety*
- *airspace services*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc den dara huair agus breac síos achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3 '…trialacha…'

Féach ar na hainmfhocail thíos atá sa tuiseal ainmneach, iolra. Scríobh amach arís iad ach sa tuiseal ainmneach, uatha.

trialacha	_____
rialacha	_____
litreacha	_____
eochracha	_____
tástálacha	_____
admhálacha	_____
análacha	_____

Cuir an t-alt roimh na hainmfhocail chéanna anois. An bhfuil siad baininscneach nó firinscneach?

Ceist 4 '…**de** t**h**eicneolaíocht…' agus '…**sa t**Sionainn…'

A. Cuir na réamhfhocail shimplí sna boscaí cuí ar an gcéad leathanach eile:

de, do, roimh, ag, i, faoi, le, sa, ó, thar, go

Ainmfhocail dar tús consan		
Séimhiú (Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth*.)	**Gan séimhiú** (Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo.)	**Urú** (Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é.)

*Tá rialacha faoi leith ann i gcás 'sa' + ainmfhocail dar tús 'd', 's' agus 't':

- Ní shéimhítear 'd' ná 't' i ndiaidh 'sa', e.g. **sa d**oirteal; **sa t**each.
- Cuirtear 't' roimh ainmfhocail bhaininscneacha dar tús 's' + guta nó dar tús 'sl-', 'sn-', 'sr-' i ndiaidh 'sa', e.g. **sa ts**eachtain; **sa ts**ráid.
- Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail fhirinscneacha dar tús 's' i ndiaidh 'sa' (ach amháin i gcanúint Uladh). e.g. **sa s**eomra.

B. Athraigh na focail idir lúibíní más gá.

1. Beidh an obair déanta agam roimh (deireadh) _____ na míosa.
2. Nach bhfuil an t-airgead ag (Cathal) _____?
3. Gheobhaidh tú an eochair i (bosca) _____ beag sa (cistin) _____.
4. Tá an oiread oibre sin ag Pól go bhfuil sé faoi (brú) _____.
5. Bhain mé an cóta de (Sinéad) _____ chomh luath is a bhaineamar an baile amach.
6. Féach an madra beag atá le (Colm) _____.
7. Téann an bus ó (Sligeach) _____ go (Gaillimh) _____.
8. Tabhair an mála atá ag (Pól) _____ do (Máire) _____.
9. Chuaigh mé thar (Seán) _____ an lá eile agus bhí droch-chuma air.
10. Níl an leanbh sa (teach) _____; tá sé sa (gairdín) _____.

Ceist 5 '…cúpla aerfort…' agus '… aon athrú…'

Cad is féidir leat a rá faoi na hathruithe a chuirtear i bhfeidhm ar an ainmfhocal a leanann na focail 'cúpla' agus 'aon'?

Ceist 6 **A.** Cad is brí leis na dobhriathra seo thíos? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

100% i gcónaí
de ghnáth
go minic
50% anois is arís
go hannamh
0% riamh (aimsir chaite agus aimsir láithreach)
choíche (aimsir fháistineach, modh coinníollach)

B. Léigh an suirbhé ranga agus cuir dhá cheist eile leis. Seas suas ansin agus cuir na ceisteanna ar thriúr eile sa rang agus líon isteach na freagraí. Bí cinnte breis eolais a thabhairt i do chuid freagraí féin.

Suirbhé ranga

	F1	F2	F3
1. An bhfuil iPhone agat?	⬭	⬭	⬭
2. An dtéann tú amach go minic?	⬭	⬭	⬭
3. An maith leat a bheith ag léamh?	⬭	⬭	⬭
4. Ar fhéach tú ar an teilifís oíche aréir?	⬭	⬭	⬭
5. An éisteann tú le ceol?	⬭	⬭	⬭
6. An dtéann tú chuig an bpictiúrlann go minic?	⬭	⬭	⬭
7. _____	⬭	⬭	⬭
8. _____	⬭	⬭	⬭

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
trials and tests – trialacha agus tástálacha
air traffic controller – rialtóir aerthrách ta
take off and land – éirigh agus tuirling
the future – an todhchaí
Irish Aviation Authority – Údarás Eitlíochta na hÉireann
effective cost – costas éifeachtúil
on a full-time basis – ar bhonn lánaimseartha
with regard to safety – ó thaobh sábháilteachta de
airspace services – seirbhísí aerspáis

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3

trialacha	*an triail (bain.)*
rialacha	*an riail (bain.)*
litreacha	*an litir (bain.)*
eochracha	*an eochair (bain.)*
tástálacha	*an tástáil (bain.)*
admhálacha	*an admháil (bain.)*
análacha	*an anáil (bain.)*

Ceist 4

A.

Ainmfhocail dar tús consan		
<u>Séimhiú</u> (Cuireann na réamhfhocail shimplí seo séimhiú ar na hainmfhocail a leanann iad de ghnáth*.)	**<u>Gan séimhiú</u>** (Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm ar na hainmfhocail a leanann na réamhfhocail shimplí seo.)	**<u>Urú</u>** (Cuireann an réamhfhocal simplí seo urú ar an ainmfhocal a leanann é.)
de, do, roimh, faoi, sa, ó, thar	ag, le, go	i

B.
1. Beidh an obair déanta agam roimh **dheireadh** na míosa.
2. Nach bhfuil an t-airgead ag **Cathal**?
3. Gheobhaidh tú an eochair i **mbosca** beag sa **chistin**.
4. Tá an oiread oibre sin ag Pól go bhfuil sé faoi **bhrú**.
5. Bhain mé an cóta de **Shinéad** chomh luath is a bhaineamar an baile amach.
6. Féach an madra beag atá le **Colm**.
7. Téann an bus ó **Shligeach** go **Gaillimh**.
8. Tabhair an mála atá ag **Pól** do **Mháire**.
9. Chuaigh mé thar **Sheán** an lá eile agus bhí droch-chuma air.
10. Níl an leanbh sa **teach**; tá sé sa **ghairdín**.

Ceist 5
- Bíonn an t-ainmfhocal a leanann an focal ‘cúpla’ sa tuiseal ainmneach, uatha, i gcónaí agus ní chuirtear séimhiú ná urú air.
- Bíonn an t-ainmfhocal a leanann an focal ‘aon’ sa tuiseal ainmneach, uatha nó iolra. Cuirtear séimhiú ar chonsain, seachas d, t, agus s, ina dhiaidh. Ní dhéantar aon athrú ar ainmfhocail dar tús guta i ndiaidh ‘aon’.

Ceist 6
B. Is féidir an rang iomlán a chur ag déanamh an tsuirbhé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leo ag deireadh na gníomhaíochta.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Tá tástálacha críochnaithe ar theicneolaíocht nua a d'fhágfadh nach mbeadh ach aon rialtóir aerthráchta amháin ag teastáil le bainistiú a dhéanamh ar eitleáin i gcúpla aerfort ag an am céanna. Ag Aerfort Chorcaí agus ag Aerfort na Sionainne a tugadh faoi na tástálacha, an chéad uair riamh a triaileadh an teicneolaíocht.

Tomás Ó Mainnín
Éiríonn agus tuirlingíonn na céadta eitilt gach aon lá sa tír seo ó na haerfoirt idirnáisiúnta agus réigiúnacha. Ar an aistear agus ar an aistriú, is iad na rialtóirí aerthráchta a thugann comhairle agus a gcúrsa dóibh. Ach, an dtiocfaidh an lá nach mbeidh éinne[1] sa túr leathan sna haerfoirt agus gurb é an túirín caol seo an todhchaí. Le cúpla mí, bhí trialacha ar bun ag Údarás Eitlíochta na hÉireann chun féachaint conas a d'éireodh le haon rialtóir aerthráchta amháin trácht a bhainistiú ag cúpla aerfort ag an am céanna. Le ceamaraí agus teicneolaíocht nua-aimseartha, seoladh na pictiúir ó Aerfoirt Chorcaí agus na Sionainne ar ais go lárionad i mBaile Átha Cliath. D'éirigh an-mhaith leis na[2] trialacha, a deir an tÚdarás.

Cathal Mac Criostail, Bainisteoir Aerspáis, Údarás Eitlíochta na hÉireann
An buntáiste is mó atá ag baint le túr agus an teicneolaíocht seo ná gur féidir linn an *staff* a úsáid go héifeachtúil i mBaile Átha Cliath go lárnach, leis an tseirbhís a chur ar fáil nuair nach mbíonn an gá céanna, ó thaobh tráchta de, i rith na hoíche i gCorcaigh agus sa tSionainn.

Tomás Ó Mainnín
Ba é seo an chéad uair in aon áit ar domhan gur triaileadh a leithéid de theicneolaíocht ina mbeadh aon duine amháin mar rialtóir aerthráchta ar chúpla aerfort san am céanna.

Cathal Mac Criostail, Bainisteoir Aerspáis, Údarás Eitlíochta na hÉireann
Ní bheidh aon athrú i ndáiríre, ó thaobh fostaíochta[3] de go díreach anois, agus dar liom féin, an bhéim atá ann ná an tseirbhís a chur ar fáil ar chostas éifeachtúil.

Tomás Ó Mainnín
Sula gcuirfí i bhfeidhm a leithéid de theicneolaíocht ar bhonn lánaimseartha, dúirt an tÚdarás go rachfaí i mbun comhairleoireachta leis an dtionscal[4], go ndéanfaí tuilleadh tástálacha ó thaobh sábháilteachta de, agus go gcaithfeadh na rialtóirí difriúla a bheith sásta lena leithéid.

Dúirt an tÚdarás nach raibh na trialacha maidir leis an dteicneolaíocht[5] seo ach ina thús, ach go bhféadfadh sé a bheith lárnach i seirbhísí aerthaistil a chur ar fáil in aerfoirt ar fud an domhain agus anseo in Éirinn sa todhchaí.

Tomás Ó Mainnín, Nuacht TG4 ag Aerfort na Sionainne.

[1] *aon duine* an leagan caighdeánach
[2] *le na* a deirtear
[3] *postaíochta* a deirtear
[4] Córas na Mumhan
[5] Córas na Mumhan